2025/2368

20.11.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2368 ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Samhain 2025

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2023/2147 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus d'aistriú polaitiúil na Súdáine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/2147 ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2023 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn de chobhsaíocht agus d'aistriú polaitiúil na Súdáine ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 9 Deireadh Fómhair 2023, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2023/2147.

(2) An 27 Samhain 2023, d'eisigh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ráiteas thar ceann an Aontais inar cháin an tAontas agus a Bhallstáit go láidir arís an troid leanúnach idir Fórsaí Armtha na Súdáine agus na Fórsaí Mear-Thacaíochta agus a mílístí cleamhnaithe faoi seach. Cuireadh in iúl leis an ráiteas sin freisin gur saoth leo gur tháinig géarú suntasach ar an bhforéigean agus gur cailleadh daoine in Darfur agus ar fud na tíre, agus gur saoth leo na sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta.

(3) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, ba cheart duine aonair amháin a áireamh ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2147.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2023/2147 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2147 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Samhain 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

([1]) IO L, 2023/2147, 11.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2147/oj.

Cuirtear an iontráil seo a leanas le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2147, faoin gceannteideal ‘A. Daoine Nádúrtha’:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
‘13.	Abdelrahim Hamdan DAGALO dá ngairtear freisin Abdul Rahim DAGALO	Dáta breithe: 1.1.1972 Náisiúntacht: Súdánach Inscne: fireann Feidhm: Leas-Cheannasaí na bhFórsaí Mear-Thacaíochta Eintitis a bhfuil baint acu leis: na Fórsaí Mear-Thacaíochta; Al Junaid Multi Activities Co Ltd Daoine aonair comhlachaithe: Mohamed Hamdan Dagalo	Is é Abdelrahim Hamdan Dagalo Leas-Cheannasaí na bhFórsaí Mear-Thacaíochta agus deartháir Mohamed Hamdan Dagalo (Hemedti), Ceannasaí na bhFórsaí Mear-Thacaíochta. An 15 Eanáir 2024, shainaithin Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe maidir leis an tSúdáin go raibh “ról lárnach ag Abdelrahim Hamdan Dagalo i bhfeachtas na bhFórsaí Mear-Thacaíochta in Darfur, ag déanamh maoirseacht phearsanta ar na hoibríochtaí míleata sna cúig Stát [in Darfur], ó mhí Dheireadh Fómhair [2023]”. I mí Dheireadh Fómhair 2025, d’ordaigh sé sibhialtaigh a mharú agus a chur chun báis agus stiúir sé gníomhaíochtaí na bhFórsaí Mear-Thacaíochta i gcoinne sibhialtach in El Fasher. In éineacht lena bheirt mhac, tá cuideachta sealbhaíochta Al Junaid Multi Activities Co Ltd (“Al Junaid”), eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha ag an Aontas as trealamh míleata a sholáthar do na Fórsaí Mear-Thacaíochta, faoi úinéireacht Abdelrahim Hamdan Dagalo. Bhí ról lárnach ag Abdelrahim Hamdan Dagalo i bhfeachtas na bhFórsaí Mear-Thacaíochta in Darfur, trí mhaoirseacht phearsanta ar na hoibríochtaí míleata a dhéanamh agus trí oibríochtaí na bhFórsaí Mear-Thacaíochta a mhaoiniú trí Al Junaid. Tá baint aige, dá bhrí sin, le heintiteas a thugann tacaíocht do ghníomhaíochtaí na bhFórsaí Mear-Thacaíochta a chuireann síocháin, cobhsaíocht nó slándáil na Súdáine i mbaol. Dá bhrí sin, tá Abdelrahim Hamdan Dagalo freagrach as gníomhaíochtaí a stiúradh sa tSúdáin ar sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine nó sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta iad. Tá sé freagrach freisin as gníomhaíochtaí a chuireann síocháin, cobhsaíocht nó slándáil na Súdáine i mbaol.	20.11.2025’.